

**Glaob ar Léiriú Spéise (gan spriocdháta)**

**sa Chlár Cúrsa Oiliúna sa Gníomhaireacht um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh  
(ACER)**

**TAGAIRT: ACER/TRAINEE/2019/OC**

**1. MAIDIR LINN**

Is comhlacht de chuid an Aontais Eorpaigh (“AE”) í an Gníomhaireacht um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh (dá ngairtear “an Gníomhaireacht” anseo feasta), a bunaíodh de réir dlí le Rialachán (CE) Uimh. 713/20091 agus atá i bhfeidhm ó bhí 2011 ann. Bíonn ról lárnach ag an nGníomhaireacht maidir le margáí leictreachais agus gáis nádúrtha an Aontais Eorpaigh a léirscaoileadh.

Is é cuspóir na Gníomhaireachta cúnaimh a thabhairt do na hÚdaráis Rialála Náisiúnta maidir leis na cúraimí rialála a chuir siad i gcrích sna Ballstáit a chur i ngníomh ar leibhéal an Aontais agus, nuair is gá, maidir lena gcuid gníomhaíochta a chomhordú.

Chuige sin, déanann an Gníomhaireacht na nithe seo a leanas:

- a) Obair na nÚdarás Rialála Náisiúnta a chomhlánú agus a chomhordú;
- b) Páirt a ghlacadh i rialacha na líonraí Eorpacha a fhorbairt;
- c) Cinntí ceangailteacha aonair a dhéanamh, i gcúinsí áirithe, ar théarmaí agus coinníollacha i ndáil le rochtain ar bhonneagar trasteorann agus slándáil oibríochtúil bonneagair thrasteorann; ar an leithdháileadh costais trasteorann do Thionscadail Chomhleasa; agus ar théarmaí agus coinníollacha nó modheolaíochtaí i ndáil le cóid líonra a chur chun feidhme;
- d) Comhairle a chur ar na hinstiúidí Eorpacha maidir le saincheisteanna a bhaineann le leictreachas agus gáis nádúrtha;
- e) Faireachán a dhéanamh ar na margáí inmheánacha leictreachais agus gáis nádúrtha agus tuairisc a thabhairt ar fhionnachtana na hoibre sin;
- f) Faireachán a dhéanamh ar thrádáil i dtáirgí mórdhíola fuinnimh chun drochúsáid mhargaidh a bhrath agus a dhíspreagadh agus chun sláine agus trédhearcacht na margáí mórdhíola fuinnimh san Aontas Eorpach a áirithiú.

Is iad seo a leanas na príomhréimsí ar a bhfuil gníomhaíochtaí na Gníomhaireachta dírithe:

- tacú le comhtháthú margaidh Eorpach: den chuid is mó, déantar é sin trí rialacha comhchoiteanna líonra agus margaidh a fhorbairt. Déantar é freisin trí thionscnaimh réigiúnacha a chomhordú, ar iarrachtaí nithiúla iad sin a dhéanann rannpháirtithe sa mhargadh chun tuilleadh comhtháthaithe a bhaint amach,
- comhairle a chur ar instiúidí an Aontais Eorpaigh maidir le saincheisteanna a bhaineann leis an mbonneagar tras-Eorpach fuinnimh: eisíonn an Gníomhaireacht

tuairimí maidir le pleananna forbartha líonra deich mbliana chun a áirithiú go mbíonn siad ag teacht leis na tosaíochtaí arna leagan síos ar leibhéal an Aontais Eorpaigh,

- faireachán a dhéanamh ar mhargaí fuinnimh: tá misean ginearálta ag an nGníomhaireacht chun faireachán a dhéanamh ar mhargaí ar leibhéal an Aontais Eorpaigh agus tá freagracht an-sonrach uirthi, ó dheireadh na bliana 2011 i leith, as maoirseacht a dhéanamh ar thrádáil mhórdhíola fuinnimh.

Tá breis agus 80 duine fostaithe ag an nGníomhaireacht faoi láthair agus tá buiséad ceadaithe €16.1 milliún aici don bhliain 2019. Cuimsíonn an Gníomhaireacht cúig roinn inmheánacha (Leictreachas, Gás, Faireachas agus Iompar Margaidh, Sláine agus Trédhearcacht an Mhargaidh, agus Riarachán) agus Oifig an Stiúrthóra. Is féidir cairt eagrúcháin na Gníomhaireachta a fháil ag an nasc seo a leanas:

[http://www.acer.europa.eu/en/The\\_agency/Organisation/Pages/ACER-departments.aspx](http://www.acer.europa.eu/en/The_agency/Organisation/Pages/ACER-departments.aspx)

Tá an Gníomhaireacht lonnaithe i Liúibleána (an tSlóivéin).

## 2. AN TAIRISCINT

Tá an Clár Cúrsa Oiliúna dírithe go príomha ar chéimithe ollscoile óga, gan daoine a bhfuil céim ollscoile gnóthaithe acu le déanaí agus atá ag saothrú gairm nua faoi chuimsiú na foghlama ar feadh an tsaoil a chur as an áireamh.

Tairgeann an Gníomhaireacht poist chúrsa oiliúna de réir na bpróifílí seo a leanas i ngach ceann de na cúig roinn atá aici agus in Oifig an Stiúrthóra:

- An Preas agus Cumarsáid
- Acmhainní Daonna
- Teicneolaíocht Faisnéise
- Beartais
- Anailís Mhargaidh
- Anailís Sonraí

Is féidir le hiarratasóirí na riachtanais chéime acadúla agus na croíchúraimí a bhaineann le gach próifíl a fháil sa tábla thíos.

Ba cheart d'iarratasóirí a thabhairt faoi deara gur sa litir thairisceana a sheolfar chuig na hiarrthóirí roghnaithe a shainaitheofar próifíl shonrach na bpost cúrsa oiliúna. D'fhéadfaí cúraimí an Oiliúnaí a chur in oiriúint tuilleadh do na próifílí aonair tar éis thús an chúrsa oiliúna.

D'fhéadfadh go gceanglófaí ar na hOiliúnaithe cúnaimh a thabhairt i réimsí eile gníomhaíochta, ag brath ar riachtanais na seirbhíse agus ar an bpróifíl agus an taithe atá acu.

Roinn/Ranna	Próifil	Riachtanais	Cúraimí a bhaineann leis an bpróifil (liosta neamh-uileghabhálach)
<b>OIFIG AN STIÚRTHÓRA</b>	An Phróifil um an bPreas agus Cumarsáid	Céim in Iriseoireacht, i gCumarsáid nó in ábhar den chineál céanna.	<ul style="list-style-type: none"> <li>- Tacú le hathruithe ar an suíomh Gréasáin a chur chun feidhme agus le gníomhaíochtaí eile cumarsáide digítí;</li> <li>- Tacú le gníomhaíochtaí ACER i dtaca le faireachán a dhéanamh ar na meáin; agus</li> <li>- Cabhrú le gníomhartha cumarsáide seachtraí agus cumarsáide inmheánaí a phleanáil agus a chur chun feidhme</li> </ul>
<b>AN ROINN RIARACHÁIN</b>	An Phróifil um Acmhainní Daonna	Céim in Eolaíocht Shóisialta (b'fhearr gur gnóthaíodh an chéim sa Bhainistíocht Acmhainní Daonna nó sa Riarachán) nó in ábhar den chineál céanna.	<ul style="list-style-type: none"> <li>- Cabhrú le beartais agus doiciméid Acmhainní Daonna na Gníomhaireachta a dhréachtú;</li> <li>- Rannchuidiú leis an bplean cumarsáide Acmhainní Daonna a dhréachtú agus a chur chun feidhme, lena n-áirítear tacú le gníomhaíochtaí a bhaineann le rannpháirtíocht foirne agus bainistíocht na meán (sóisialta); agus</li> <li>- Tacaíocht ghinearálta a thabhairt don Fhoireann, go háirithe maidir le nósanna imeachta roghnúcháin agus gníomhaíochtaí foghlama agus forbartha a eagrú agus a chomhordú.</li> </ul>
<b>AN ROINN RIARACHÁIN; nó AN ROINN GÁIS; nó AN ROINN LEICTREACHAIS; nó AN ROINN UM FHAIREACHAS AGUS IOMPAR MARGAIDH; nó AN ROINN UM SHLÁINE AGUS TRÉDHEARCAHT AN MHARGAIDH</b>	An Phróifil um Theicneolaíocht Faisnéise	Céim i dTeicneolaíocht Faisnéise, in Eolaíochtaí Ríomhaireachta nó in ábhar den chineál céanna.	<ul style="list-style-type: none"> <li>- Rannchuidiú le ríomhchórais agus líonraí ríomhairí na Gníomhaireachta a shuiteáil, a chumrú agus a riar agus tacaíocht a thabhairt d'úsáideoirí áitiúla TF; agus/nó</li> <li>- Rannchuidiú le dearadh agus forbairt a dhéanamh ar uirlisí bailithe sonraí agus modhanna anailíse sonraí na Gníomhaireachta agus ar uirlisí lena dtacaítear le comhroinnt faisnéise, agus rannchuidiú le sreabhadh oibre cásanna a bhainistiú; agus/nó</li> <li>- Rannchuidiú le gníomhaíochtaí agus cúraimí a uathoibriú.</li> </ul>

<p><b>AN ROINN GÁIS;</b>  <b>nó</b>  <b>AN ROINN LEICTREACHAIS;</b>  <b>nó</b>  <b>AN ROINN UM FHAIREACHAS</b>  <b>AGUS IOMPAR MARGAIDH;</b>  <b>nó</b>  <b>AN ROINN UM SHLÁINE AGUS</b>  <b>TRÉDHEARCAHT AN</b>  <b>MHARGAIDH</b></p>	<p>An Phróifil um Beartais</p>	<p>Céim sa Dlí, in Eacnamaíocht nó in ábhar den chineál céanna</p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>- Rannhuidiú le doiciméid bheartais a anailisiú agus a dhréachtú agus iad a chur i láthair lena n-úsáid inmheánach;</li> <li>- Tuairiscí éagsúla laethúla agus seachtainiúla a chomhdhlúthú, a thabhairt chun críche agus a dháileadh; agus</li> <li>- Gníomhaíochtaí bainistíochta doiciméad a chur i gcrích i ndáil le cásanna freisin.</li> </ul>
<p><b>AN ROINN GÁIS;</b>  <b>nó</b>  <b>AN ROINN LEICTREACHAIS;</b>  <b>nó</b>  <b>AN ROINN UM FHAIREACHAS</b>  <b>AGUS IOMPAR MARGAIDH;</b>  <b>nó</b>  <b>AN ROINN UM SHLÁINE AGUS</b>  <b>TRÉDHEARCAHT AN</b>  <b>MHARGAIDH</b></p>	<p>An Phróifil um Anailís Mhargaidh</p>	<p>Céim in Eacnamaíocht, i Staidreamh nó in ábhar den chineál céanna</p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>- Ríomhanna agus anailís staidrimh a dhéanamh;</li> <li>- Torthaí ón anailís a dhréachtú agus a chur i láthair, doiciméid a ullmhú lena n-úsáid inmheánach agus tuairiscí a ullmhú;</li> <li>- Cabhrú le doiciméid gheallsealbhóirí ábhartha a dhréachtú agus a chomhdhlúthú; agus</li> <li>- Tacú le hobair thionscadail ar na huirlisí dílsithe atá á bhforbairt sa Ghníomhaireacht.</li> </ul>
<p><b>AN ROINN GÁIS;</b>  <b>nó</b>  <b>AN ROINN LEICTREACHAIS;</b>  <b>nó</b>  <b>AN ROINN UM FHAIREACHAS</b>  <b>AGUS IOMPAR MARGAIDH;</b>  <b>nó</b>  <b>AN ROINN UM SHLÁINE AGUS</b>  <b>TRÉDHEARCAHT AN</b>  <b>MHARGAIDH</b></p>	<p>An Phróifil um Anailís Sonraí</p>	<p>Céim in Innealtóireacht, i Matamaitic, i Staidreamh nó in ábhar den chineál céanna</p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>- Sonraí a bhailiú agus a ionramháil, lena n-áirítear ardúsáid a bhaint as Excel agus bunachair shonraí SQL a fhiosrú;</li> <li>- Feabhas a chur ar na huirlisí reatha bailithe sonraí (trí iad a chláreagrú faoi mhaoirseacht); agus</li> <li>- Anailís a dhéanamh ar na sonraí a bailíodh agus torthaí ón anailís a chur i láthair.</li> </ul>

### 3. A BHFUIL Á LORG AGAINN

#### A. Critéir incháilitheachta

Chun go ligfear isteach sa Chlár Cúrsa Oiliúna iad, comhlíonfaidh iarratasóirí na coinníollacha seo a leanas tráth dháta tosaíthe na tréimhse cúrsa oiliúna lena mbaineann:

1. Bheith 18 mbliana d'aois nó níos sine;
2. A bheith ina náisiúnach de chuid Ballstáit den Aontas Eorpach;
3. Scileanna teanga ar leibhéal C1 don chéad teanga (eolas cuimsitheach) agus ar leibhéal B2 don dara teanga (eolas sásúil) a bheith acu, ar leibhéal iad a shainítear leis an gCreat Comhchoiteann Tagartha Eorpach le haghaidh Teangacha (CEFR).
4. Leibhéal oideachais a chomhfhreagraíonn do staidéar críochnaithe ollscoile atá fianaithe le diplóma a bheith acu sa chás go maireann an ghnáth-thréimhse oideachais ollscoile trí bliana nó níos mó,

*(Ní bhreithneofar ach teidil staidéir a bronnadh i mBallstáit AE nó lena mbaineann deimhniú comhionannais arna n-eisiúint ag údaráis na mBallstát sin);*

Dícháileofar an t-iarratasóir lena mbaineann mura gcomhlíonann sé/sí ceann amháin nó níos mó de na critéir incháilitheachta.

Ní ghlacfar le hiarratais ó iarratasóirí:

- a bhfuil tairbhe bainte acu cheana féin, nó a bhfuil tairbhe á baint acu faoi láthair, as aon chineál cúrsa oiliúna laistigh d'institiúid nó comhlacht de chuid an Aontais Eorpaigh le níos mó ná sé seachtaine, nó
- a bhí fostaithe cheana féin, nó atá fostaithe faoi láthair, laistigh d'institiúid nó comhlacht de chuid an Aontais Eorpaigh le níos mó ná sé seachtaine.

#### B. Critéir roghnúcháin

Déanfar measúnú ar iarratais ach cúlra oideachasúil, cáilíochtaí, inniúlachtaí agus inspreagadh an iarratasóra a chur san áireamh: Déanfar measúnú ar na critéir seo a leanas go háirithe chun iarratasóirí ar na poist chúrsa oiliúna a roghnú:

1. Céim ollscoile i réimse a bhaineann leis na poist chúrsa oiliúna.
2. Dea-scileanna scríofa agus labhartha (leibhéal C1<sup>1</sup>) i mBéarla;

Tabhair faoi deara gurb amhlaidh, de bharr chineál chúraimí na Gníomhaireachta, a córais teanga oibre agus riachtanais na seirbhíse, gur fearr eolas ar Bhéarla ar leibhéal C2 le haghaidh an chuid is mó de na próifílí.

### 4. ROGHNÚ

Déanfar na hiarratais a gheofar a mheas ar bhonn rialta d'fhonn na poist chúrsa oiliúna atá ar fáil a líonadh. Tosaíonn siad an 1 Márta nó an 1 Meán Fómhair gach bliain.

---

<sup>1</sup> cf. Leibhéal teanga sa Chreat Comhchoiteann Tagartha Eorpach:  
<http://europass.cedefop.europa.eu/LanguageSelfAssessmentGrid/en>

Déanfaidh an Fhoireann Bhainistíochta Acmhainní Daonna measúnú ar incháilitheacht na n-iarratas. Bunófar an measúnú sin ar na critéir a shainítear in Airteagal 3.A.

Cuirfidh an Fhoireann Bhainistíochta Acmhainní Daonna na hiarratais incháilithe in iúl do Cheann/Chinn na Roinne/Ranna earcaíochta agus don Cheann Foirne/do na Cinn Foirne faoi seach.

Bunaithe ar thorthaí an mheasúnaithe a dhéanfaidh Ceann/Cinn na Roinne/Ranna earcaíochta, molfaidh an Fhoireann Acmhainní Daonna an liosta d'iarratasóirí gearrliostaithe don Stiúrthóir. Údaróidh an Stiúrthóir an liosta molta ach an líon áiteanna atá ar fáil sa chúrsa oiliúna a chur san áireamh.

## 5. COMHDHEISEANNA

Cuireann an Gníomhaireacht beartas comhdheiseanna i bhfeidhm agus glacann sí agus caitheann sí le hiarratais gan aon idirdhealú atá bunaithe ar aon fhoras amhail inscne, cine, dath, tionscnamh eitneach nó sóisialta, airíonna géiniteacha, teanga, reiligiún nó creideamh, tuairimí polaitiúla nó aon tuairimí eile, ballraíocht i mionlach náisiúnta, maoin, breith, míchumas, aois nó claonadh gnéasach.

## 6. COINNÍOLLACHA CÚRSA OILIÚNA

Is le [Cinneadh 2017-13 ó Stiúrthóir](#) na Gníomhaireachta a rialaítear coinníollacha an Chláir Chúrsa Oiliúna.

Tosaíonn an tréimhse cúrsa oiliúna an 1 Márta agus an 1 Meán Fómhair gach bliain. Maireann sí tréimhse shocraithe sé mhí. I gcásanna eisceachtúla a bhfuil údar cuí leo, féadfar dáta tosaithe na tréimhse cúrsa oiliúna a chur siar. Sa chás sin, is é an 1ú lá féilire nó an 16ú lá féilire den mhí an dáta tosaithe agus críochnaíonn an cúrsa oiliúna ag deireadh na tréimhse cúrsa oiliúna cuí.

Maidir le hoiliúnaithe nach bhfuil ag fáil aon tuarastail, scoláireachta ná foirme eile tacaíochta airgeadais ó fhoinsí eile le haghaidh an Clár Cúrsa Oiliúna a chur i gcrích, deonófar deontas míosúil dóibh ar fud na tréimhse cúrsa oiliúna ar fad.

**I gcás an Chláir Chúrsa Oiliúna atá i gceist leis an nglao seo ar léiriú spéise, is ionann an deontas míosúil agus 600 EUR.**

Maidir le hoiliúnaithe atá ag fáil tacaíocht sheachtrach, féadfaidh siad deontas breisithe a fháil suas go dtí an tsuim atá luaite thuas (600 EUR).

De bhreis ar an deontas míosúil, féadfar na ranníocaíochtaí seo a leanas a íoc le hoiliúnaithe, ag brath ar a n-áit earcaíochta:

### A. Liúntas cóiríochta<sup>2</sup>:

- Maidir le hoiliúnaithe a bhfuil a n-áit earcaíochta 50 km ar a laghad ón áit fostaíochta agus a bhfuil orthu a n-áit chónaithe a athrú, gheobhaidh siad liúntas cóiríochta mar ranníocaíocht as an míchaoithiúlacht a bhaineann le hathrú sealadach a n-áite cónaithe.

---

<sup>2</sup> I gcás an Chláir Chúrsa Oiliúna atá i gceist leis an nglao seo ar léiriú spéise, is ionann agus 350 EUR sa mhí an chnapshuim shocraithe le haghaidh an liúntais chóiríochta.

- Deonófar an liúntas cóiríochta ar bhonn míosúil agus íocfar é tar éis fianaise ar chostais chóiríochta (cíos) a chur ar fáil.

### **B. Ranníocaíocht le haghaidh costais taistil arna dtabhú i dtús an chúrsa oiliúna agus ag a dheireadh**

- Maidir le hoiliúnaithe atá ag cur tréimhse cúrsa oiliúna i gcrích atá 3 mhí ar fad ar a laghad, beidh siad i dteideal aisíocaíocht a fháil as na costais taistil arna dtabhú acu i dtús a gcúrsa oiliúna agus ag a dheireadh.
- Íoctar leath na gcostas taistil i dtús na tréimhse cúrsa oiliúna agus íoctar a leath ag deireadh na tréimhse. Baineann na costais le taisteal idir an áit earcaíochta agus an áit fostaíochta. Ríomhfar liúntais taistil de réir Airteagal 7 d'Iarscríbhinn 7 a ghabhann leis na Rialacháin Foirne.
- Maidir le hoiliúnaithe a bhfuil a n-áit earcaíochta níos lú ná 200 km ón áit fostaíochta, ní bheidh siad i dteideal aisíocaíocht a fháil as costais taistil.

### **C. Ranníocaíocht le haghaidh taistil ar iompar poiblí:**

- Beidh oiliúnaithe i dteideal pas míosúil a fháil le haghaidh iompar poiblí a úsáid i Liúibleána.
- Maidir le hoiliúnaithe nach bhfuil i dteideal an liúntas cóiríochta a fháil, beidh siad i dteideal ranníocaíocht mhíosúil a fháil le haghaidh taistil ar iompar poiblí óna n-áit chónaithe chuig an áit fostaíochta i Liúibleána tar éis dóibh fianaise chuí a chur ar fáil.

Is é **Liúibleána (an tSlóivéin)**, an áit a bhfuil an Ghníomhaireacht lonnaithe, láthair an chúrsa oiliúna.

## **7. COSAINT SONRAÍ**

Ní sheolfar ar ais chuig na hiarratasóirí na hiarratais ar áiteanna i gcúrsaí oiliúna ná doiciméid tacaíochta. Cuirfidh an Ghníomhaireacht ar comhad iad sin.

Cloíonn an Ghníomhaireacht le Rialachán (CE) Uimh. 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine aonair a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais Eorpaigh agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh 1247/2002/CE, agus is faoin Rialachán sin a rialáiltear í.

Is é an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí (<http://www.edps.europa.eu>) a dhéanann maoirseacht ar an nGníomhaireacht. Má bhíonn aon cheisteanna breise ag iarrthóirí, féadfaidh siad teagmháil a dhéanamh leis an Oifigeach Cosanta Sonraí ag an seoladh seo: [DPO@acer.europa.eu](mailto:DPO@acer.europa.eu). Iarrtar ar iarrthóirí dul i muinín an ráitis príobháideachais ina mínítear conas a phróiseálann an Ghníomhaireacht sonraí pearsanta i dtaca le hearcaíocht agus roghnúcháin; tá fáil ar an ráiteas príobháideachais sin ar shuíomh gréasáin na Gníomhaireachta.

## **8. NÓS IMEACHTA IARRATAIS**

Chun iarratas bailí a dhéanamh, ní mór d'iarratasóirí na nithe seo a chur isteach:

- Foirm Iarratais ar an gClár Cúrsa Oiliúna (ar fáil ar shuíomh Gréasáin ACER)
- Cóip den dioplóma ollscoile/de na dioplómaí ollscoile,

**Ná cuir isteach aon doiciméid tacaíochta eile ag an gcéim seo den nós imeachta.**

Ba cheart iarratais a sheoladh i mBéarla agus trí ríomhphost chuig an mbosca ríomhphoist feidhmiúil seo a leanas: [traineeship@acer.europa.eu](mailto:traineeship@acer.europa.eu), agus uimhir thagartha an ghlaio seo á lua in ábhar an fhógra.

Luaigh go soiléir ar an bhfoirm iarratais dhá phróifíl ar a mhéad a bhfuil tú ag déanamh iarratas orthu.

Chun an próiseas roghnúcháin seo a éascú, is i mBéarla a sheolfar gach teachtaireacht chuig iarratasóirí maidir leis an bhfolúntas seo.

**Is neamhiata atá an glao seo ar léiriú spéise. Mar sin de, níl aon spriocdháta i bhfeidhm le haghaidh iarratais a dhéanamh.**

Más rud é go n-aimsítear ag céim ar bith den nós imeachta gur mícheart atá cuid ar bith den fhaisnéis a thug iarratasóir, dícháileofar an t-iarratasóir i gceist.